# Ceolchoirm

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T<br>*Comhtháthú – Teanga, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna matamaiticiúla<br>• straitéisí oiriúnacha chun tasc a thabhairt chun críche, nó chun fadhb a réiteach a roghnú agus a chur i bhfeidhm<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | cearnóg, ciorcal, triantán, dronuilleog, rothlú, slios, díreach, cuartha, cuar, uillinn, coirnéal, uirlisí ceoil, ceoltóir |
| **Áiseanna** | páipéar gumaithe, siosúr, grianghraif d'uirlisí, Uirlis Sórtála Mol Mata |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Agus an Uirlis Mol Mata in úsáid aige, taispeánfaidh an múinteoir léirithe difriúla do na cruthanna, e.g. triantán ina shuí ar a phointe agus cearnóg nach bhfuil ina shuí ar a bhonn. Iarr ar na daltaí na cruthanna a ainmniú agus cur síos a dhéanamh ar na cruthanna a fheiceann siad. Cabhraigh na daltaí le haithint gur triantáin iad na polagáin thríshleasacha ar fad agus gur cearnóg í cearnóg go fóill nuair a rothlaítear í.

### 2 Gníomhaíocht 2

Cuirtear na daltaí i ngrúpaí. Tugtar tacar de chearnóga ó pháipéar gumaithe de mhéideanna agus de dhathanna éagsúla do ghrúpa amháin. Tugtar tacar de dhronuilleoga/triantáin/ciorcail ó pháipéar gumaithe do ghrúpa eile. Iarrtar orthu na cruthanna gumaithe a úsáid chun ceoltóir a chruthú ar bhileog mhór páipéir. Taispeánann agus labhraíonn siad faoin gceoltóir.

### 3 Gníomhaíocht 3

Taispeánfaidh an múinteoir grianghraif d'uirlisí agus úsáidfidh na daltaí cuid de na ceithre chruth/nó iad ar fad chun uirlis do gach ceoltóir a chruthóidh siad a roghnú. Fiosróidh na daltaí an chaoi a dtéann cruthanna éagsúla le chéile chun a bheith cosúil leis an uirlis.

### 4 Gníomhaíocht 4

Úsáidfidh na daltaí an Uirlis Sórtála chun a gcuid uirlisí a athchruthú. Spreagfaidh an múinteoir na daltaí lena gcruthanna a rothlú chun an uirlis a athchruthú. Déanfaidh na daltaí cur síos ar a gcuid uirlisí agus iad a chur i láthair don rang, ainmneacha na gcruthanna agus a gcuid airíonna in úsáid acu.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé mhéad cineál crutha difriúil a d'úsáid tú?<br>• Má bhain tú úsáid as triantáin, an raibh siad ar fad mar an gcéanna? | • Inis dom cén fáth ar roghnaigh tú na cruthanna seo.<br>• Dá gcruthófá an uirlis chéanna arís, cad é a d'athrófá? Cén fáth?<br>• An bhfuil teaglaim eile de chruthanna is féidir leat a úsáid chun cuid ar leith den uirlis a dhéanamh?<br>• Cad a tharlódh mura mbeadh ciorcail agat?<br>• An féidir leat smaoineamh ar bhealach níos fearr chun an uirlis/ceoltóir a dhearadh/a thógáil? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Laghdaigh líon na gcruthanna gumaithe más gá. Cuir na daltaí i mbeirteanna le haghaidh tacaíocht sa bhreis.